

## Uachtarán eile Éireannach

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúlra pholaiteoirí na Stát Aontaithe. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. bothán vótála	a. <i>regardless of</i>
2. beag beann ar	b. <i>after the Great Famine</i>
3. sliocht	c. <i>active</i>
4. muintir	d. <i>native place</i>
5. rogha na coitiantachta	e. <i>extended family, kin, people</i>
6. tar éis an Ghorta Mhóir	f. <i>voting booth</i>
7. sin-seanathair	g. <i>I shook</i>
8. gníomhach	h. <i>workhouse</i>
9. teach na mbocht	i. <i>great-grandfather</i>
10. áit dhúchais	j. <i>progeny, offspring</i>
11. fáilte Uí Cheallaigh	k. <i>favourite, likely winner</i>
12. chroith mé	l. <i>warm welcome</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12



Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair, le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

### Ceist 2

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Cé hé rogha na coitiantachta, de réir na míre?
2. Cad a bhí le rá ag Marie Casserly agus ag Breandán Mac Eachmhartaigh?
3. Cén fáth a raibh Joe Biden i Maigh Eo trí bliana ó shin?


### Ceist 3

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar an tuairisc arís. Caithfidh duine amháin agaibh nótaí a ghlacadh faoi chúlra Joe Biden agus an duine eile nótaí a ghlacadh faoi Mike Pence. Ansin, abraigí amach dá chéile an t-eolas a bhailigh sibh.

**Ceist 4**

Críochnaigh an chraobh ghinealaigh faoi do theaghlach féin. Cuir i gcomparáid é le ceann an duine in aice leat.

Sin-seanathair



**Ceist 5**

‘...an-mheas...’

Cuir an réimír **an-** roimh na haidiachtaí seo a leanas agus cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

*Casta, óg, maith, te, saibhir, íseal agus bog.*

**Ceist 6**

Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil tú sásta le toradh an toghcháin? Cén fáth?
2. Cén tábhacht a bhaineann leis an toghchán seo i do shaol féin?
3. Déan cur síos ar Donald Trump agus ar Joe Biden.

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
f	a	j	e	k	b	i	c	h	d	l	g

### Ceist 2

Féach an script.

### Ceist 3

Féach an script. Tabhair deis do gach beirt an ghníomhaíocht a dhéanamh le chéile sula bpléifidh tú cúlra na beirte leis an rang iomlán.

### Ceist 4

Ba cheart go mbeadh na teidil thíos scríofa isteach acu:

- sin-seanathair agus sin-seanmháthair
- seanathair agus seanmháthair
- sean-aintín agus seanuncail
- máthair agus athair
- aintín agus uncail
- deartháir agus deirfiúr
- col ceathrar

### Ceist 5

- *an-chasta*
- *an-óg*
- *an-mhaith*
- *an-te*
- *an-saibhir*
- *an-íseal*
- *an-bhog*

### Ceist 6

Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### **Eimear Ní Chonaola**

Bhur gcéad fáilte ar ais. Trump nó Biden? Bhuel amárach a thabharfaidh pobal Mheiriceá faoi na botháin vótála le huachtarán a thoghadh. Beag beann ar cé acu a bhuafaidh, beidh sliocht Iarthar na hÉireann sa Teach Bán.

Is as Béal an Átha, i gContae Mhaigh Eo cuid de mhuintir Joe Biden agus is as Caisleán an Dumha sa gcontae céanna a rugadh seanathair Mike Pence.

### **Shane Ó Curraighín**

Is é Joe Biden rogha na coitiantachta<sup>1</sup> ach níor shíl mórán go mbuafadh Trump ceithre bliana ó shin.

Tá muintir an Iarthair ábalta a mhaíomh go bhfuil ceangal acu leis an dá thaobh. I gCaisleán an Dumha a rugadh seanathair Mike Pence. Is as Béal an Átha a tháinig sliocht Joe Biden.

### **Máirtín Ó Maicín, Iriseoir, Caisleán an Bharraigh**

Sna blianta tar éis an Ghorta Mhóir, d'fhág fear darbh ainm Edward Blewitt Béal an Átha agus thóg sé an bád bán go Scranton i Meiriceá. Sin-sin-sin-seanathair le Joe Biden ab ea Edward Blewitt. Sin cúig ghlúin siar. Fear thar a bheith tábhachtach i mBéal an Átha ab ea Blewitt, a bhí thar a bheith gníomhach le linn an Ghorta Mhóir agus bhí sé i gceannas ar na hoibreacha poiblí agus choinnigh sé suas le míle duine ó theach na mbocht.

Trí scór go leith bliain ina dhiaidh sin, d'fhág fear óg eile darbh ainm Richard Michael Cawley deisceart Shligigh agus thóg sé an bád bán go Chicago - seanathair le Mike Pence.

### **Shane Ó Curraighín**

Tobar an Choire i ndeisceart Shligigh an baile is cóngaraí d'áit dhúchais shinsear Pence.

### **An Comhairleoir Marie Casserly, Comhairle Chontae Shligigh**

Is léir go mbeidh súil an phobail ar dheisceart Shligigh dá dtiocfadh leasuachtarán Pence ar cuairt. Ní chaithfidh tú a bheith ar aon intinn lena chuid tuairimí ar ábhair éagsúla. Is fiú cuimhneamh freisin go bhfuil nasc idir Joe Biden agus Iarthar Shligigh agus Béal an Átha.

### **Shane Ó Curraighín**

I mBéal an Átha, tá cion ar leith ag an phobal ar Joe Biden.

### **Joe Blewitt, Gaol le Joe Biden, Béal an Átha**

Tá clan Blewitt an-bhródúil go bhfuil muid gaolta le Joe Biden. Agus tá súil agam go mbeidh sé ar an gcéad uachtarán eile i Meiriceá.

### **Shane Ó Curraighín**

Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh roimh Biden i mBéal an Átha ceithre bliana ó shin.

### **Breandán Mac Eachmhartaigh, Béal an Átha**

Bhí mé anseo nuair a tháinig sé. Fear an-deas, cairdiúil agus cneasta atá ann agus do chroith mé a lámh, ach b'fhéidir nach gcuimhníonn sé air sin anois. Tá súil agam go mbeidh sé ina uachtarán.

---

<sup>1</sup> *coitianta* a dúradh

**Shane Ó Curraighín**

Trí bliana ó shin, tháinig sé ar ais leis an fhód a thiontú ag Ospís Mhaigh Eo-Ros Comáin. Is cuma cén toradh a bheidh ann, beidh sliocht an iarthair sa Teach Bán ar an mhí seo chugainn.

**Máirtín Ó Maicín, Iriseoir, Caisleán an Bharraigh**

Is léir go bhfuil an-mheas ag Biden agus ag Pence ar a muintir ón taobh seo tíre.

**Shane Ó Curraighín**

Shane Ó Curraighín, Nuacht Tg4.